

24 Rialtacht íocaíochtaí leasa shóisialaigh

24.1 Ceanglaítear ar an Roinn Coimirce Sóisialaí (an Roinn) a chinntiú

- gur cuireadh an caiteachas a thabhaíonn sí i bhfeidhm chun na gcríoch a chuir Dáil Éireann an t-airgead ar fáil, agus
- go gcloíonn a hidirbhearta airgeadais leis na húdaráis ar faoina mbun a airbheartaítear gur cuireadh i gcrích iad.

Meastar go bhfuil idirbhearta airgeadais ‘rialta’ nuair a shásaítear an dá cheann de na coinníollacha sin.

24.2 Tá aon íocaíochtaí a sháraíonn teidlíochtaí éilitheoirí faoi théarmaí scéimeanna leasa neamhrialta, dá réir sin. D'fhéadfadh íocaíochtaí iomarcacha den sórt sin teacht chun cinn mar gheall ar chalaíochas amhrasta nó ar fhórais nó fianaise nua — amhail athrú a shainaithint ar chúinsí an éilitheora nach bhfuil fógra tugtha don Roinn ina leith — nó mar gheall ar earráid oifigiúil (féach larscríbhinn 24A).

24.3 In 2025, b'ionann agus €26.56 billiún caiteachas iomlán na Roinne faoin scéim.¹ Fágann an leibhéal sin caiteachais go bhféadann fiú líon íseal íocaíochtaí neamhrialta ar scéimeanna cailteanas mór airgeadaíochta a chruthú do Vóta 37 Coimirce Shóisialach nó don Chiste Árachais Shóisialaigh (CÁS).

24.4 Déantar measúnú sa chaibidil seo ar rialtacht na n-íocaíochtaí leasa shóisialaigh le haghaidh 2025 agus meastar inti an tionchar ar thuarascálacha iniúchóireachta an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste do chuntas leithreasa Vóta 37 agus do ráitis airgeadais CÁS. Rinne an fhoireann scrúdúcháin athbhreithniú ar na príomhghoiméid agus príomhshonraí a sholáthair an Roinn agus chuir sí baill foirne ábhartha de chuid na Roinne faoi agallamh.

Suirbhéanna rialaithe

24.5 Tugann an Roinn faoi chlár suirbhéanna ar íocaíochtaí scéime chun an leibhéal íocaíochtaí iomarcacha atá ag tarlú a mheas. Beart lárnach é sin don Roinn chun calaíochas agus earráid ina cuid íocaíochtaí scéime a chosc, a bhrath agus a dhíspreagadh. Cabhraíonn na suirbhéanna leis an Roinn freisin rioscaí a bhaineann le scéim ar leith agus na feabhsúcháin is gá ar na bearta rialaithe atá i bhfeidhm a shainaithint.²

24.6 Is éard a bhaineann leis na suirbhéanna athbhreithnithe a dhéanamh ar shamplaí randamacha d'éilimh atá á n-íoc lena shuí an bhfuil na faighteoirí i dteideal na híocaíochtaí atá á bhfáil acu faoi láthair a fháil agus, má tá, cé acu atá nó nach bhfuil na suimeanna cearta á n-íoc leo. Tá gealltanas tugtha ag an Roinn dhá shuirbhé rialaithe a fhoilsiú ar bhonn bliantúil.

¹ Ní áirítear leis seo speansais riaracháin na Roinne (€763 milliún) ná maoiniú deontais €65 milliún a íocadh leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

² D'fhoilsigh an Roinn an mhodheolaíocht le haghaidh suirbhéanna rialaithe i mí na Bealtaine 2022, agus tá sí ar fáil [anseo](#).

An Roinn Coimirce Sóisialaí: modheolaíocht an tsuirbhé rialaithe

Déanann suirbhéanna rialaithe athbhreithniú ar idir 600 éileamh agus 1,000 éileamh de ghnáth, a roghnaítear go randamach do gach scéim agus tá mar chuspóir acu meastachán a sholáthar — le muinín 95% — ar an leibhéal d'íocaíocht mhícheart ag pointe ama ar leith. Is gnách go ngabhtar an méid seo a leanas sna suirbhéanna

- an **ollíocaíocht iomarcach** arb ionann í agus luach iomlán aon íocaíochta iomarcacha a sainaitníodh
- an **ghlaníocaíocht iomarcach** ar ina leith a dhéantar coigeartú i dtaobh aistrithe chuig scéimeanna eile i gcásanna inar deimhníodh gur íocadh níos mó le héilitheoir (agus/nó le duine cleithiúnach) ná a theidlíochtaí nó a teidlíochtaí ar an scéim a athbhreithníodh, ach go mbeadh sé nó sí i dteideal íocaíocht eile coimirce sóisialaí.

Measann an Roinn gurb í an ghlaníocaíocht iomarcach a sainaitníodh an tomhas is cruinne ar an leibhéal d'íocaíocht iomarcach ar scéimeanna.

Clúdach an tsuirbhé rialaithe

24.7 Caitheadh 77% de chaiteachas scéime iomlán na Roinne sa bhliain 2025 ar scéimeanna a bhí faoi réir suirbhéanna rialaithe a rinneadh le deich mbliana anuas (féach Fíor 24.1). Ba laghdú é sin ó 80% ar an gcaiteachas iomlán scéime in 2024, agus ó 86% in 2023.


24.8 Is de thoradh roinnt tosca atá an laghdú sin ar chlúdach an tsuirbhé rialaithe

- ní dhearnadh suirbhé le deich mbliana anuas ar roinnt scéimeanna lena ngabhann caiteachas réasúnta ard m.sh. rinneadh an tsuirbhé ba dheireanaí ar shochar breoiteachta agus ar an bpinsean easláine in 2015.
- ní raibh suirbhéanna a tugadh isteach le déanaí faoi réir suirbhé rialaithe fós m.sh. sochar pá-choibhneasa cuardaitheora poist a tugadh isteach i mí an Mhárta 2025, caiteachas €297 milliún, agus
- cuireadh béim le blianta beaga anuas ar shuirbhéanna rollacha m.sh. rinneadh suirbhé cúig huaire le sé bliana anuas ar an liúntas cuardaitheora poist.

24.9 Shonraigh an Roinn go gcuirtear san áireamh tosca amhail riosca, caiteachas, agus an méid ama ó rinneadh an tsuirbhé ba dheireanaí ar an scéim, agus na scéimeanna á roghnú don tsuirbhé rialaithe. I gcoitinne, bíonn sé mar aidhm ag an Roinn suirbhé a dhéanamh ar scéimeanna laistigh de thréimhse deich mbliana.³ Tá na scéimeanna a ndearna an Roinn suirbhé orthu ó bhí 2017 ann leagtha amach in larscríbhinn 24C.

3 Ní mheastar gur gá suirbhéanna rialaithe a dhéanamh le haghaidh gach scéime agus mar sin níl sé beartaithe go mbeidh clúdach 100% i gceist laistigh de thréimhse deich mbliana. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go measfadh an Roinn nach bhfuil sé cost-éifeachtúil suirbhé rialaithe a dhéanamh ar scéimeanna a bhíonn faoi réir athbhreithniú bliantúil i gcás gach éilitheora (m.sh. an íocaíocht do theaghlaigh i bhfostaíocht) nó ar scéimeanna nach bhfuil ach líon an-bheag éilitheoirí ag gabháil leo (m.sh. an sochar sláinte agus sábháilteachta).

Fíor 24.1 Clúdach caiteachais scéime a soláthraíodh le suirbhéanna rialaithe^a



Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Clúdach a soláthraíodh le suirbhéanna rialaithe a foilsíodh le deich mbliana anuas (2017 go 2026). Ní áirítear scéimeanna a bhaineann le Covid-19 agus an clúdach á ríomh.

Impleachtaí suirbhéanna rialaithe d'iniúchtaí

24.10 Tá éagsúlacht leathan ann sa leibhéal íocaíochtaí iomarcacha a fuarthas i suirbhéanna a rinneadh ó 2017 i leith (féach Fíor 24.2).

- Maidir le scéimeanna atá maoinithe ag Vóta, is idir 1.4% de chaiteachas scéime ar shochar linbh agus 9.1% de chaiteachas scéime ar liúntas cúramóra atá rátaí measta de ghlaníocaíochtaí iomarcacha.
- Is idir 0.9% (pinsean Stáit ranníocach) agus 8% (sochar cuardaitheora poist) atá na rátaí measta de ghlaníocaíochtaí iomarcacha i leith scéimeanna CÁS.

24.11 Ar bhonn na scéimeanna a ndearnadh suirbhé orthu le deich mbliana anuas, ba é 3.17% an meánráta ualaithe de ghlaníocaíochtaí iomarcacha.⁴

⁴ Úsáideadh caiteachas 2025 do na scéimeanna a ndearnadh suirbhé orthu le deich mbliana anuas (77% den chaiteachas iomlán scéime).

Fíor 24.2 Leibhéal measta de ghlaníocaíochtaí iomarcacha i scéimeanna a bhí faoi réir suirbhéanna rialaithe a foilsíodh ó 2017 i leith

	Scéim (agus dáta na tuarascála suirbhé)	Costas na scéime sa bhliain 2025 €m	Leibhéal measta glaníocaíochta iomarcaí ^a
Scéimeanna atá maoinithe ag Vóta	Liúntas míchumais (2023)	2,477	5.7%
	Sochar linbh (2022)	2,229	1.4%
	Liúntas cuardaitheora poist (2026)	1,752	6.2%
	Pinsean stáit (neamhranníochach) (2025)	1,336	6.1%
	Liúntas cúramóra (2018)	1,306	9.1%
	Íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora (2026)	756	4.7%
	Liúntas leasa forlíontach (BASI) (2017)	92	2.6%
	Liúntas fiontraíochta um fhilleadh ar obair (2019)	30	3.3%
Scéimeanna atá maoinithe ag an gCiste Árachais Shóisialaigh	Pinsean stáit (ranníochach) (2024)	8,174	0.9%
	Pinsean ranníochach baintrí/baintreach fir/páirtnéara shibhialta mharthanaigh (2024)	1,986	1.3%
	Sochar cuardaitheora poist (2023)	402	8.0%

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Is í an ghlaníocaíocht iomarcach luach na n-ollíocaíochtaí iomarcacha lúide aistrithe chuig scéimeanna eile. Is ionann na figiúirí atá léirithe agus glaníocaíochtaí iomarcacha a sainaitníodh i suirbhéanna rialaithe mar chéatadán de luach iomlán na n-íocaíochtaí tacaíochta ioncaim a cuireadh san áireamh sna cásanna suirbhé.

5 Breathnaigh ar na suirbhéanna rialaithe a foilsíodh in 2026, [liúntas cuardaitheora poist](#) agus [íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora](#).

6 Ní mór don éilítheoir a bheith os cionn 18 mbliana d'aois agus faoi bhun 66 bliain d'aois.

7 Íoctar ráta pearsanta laghdaithe €163.70 leo siúd atá idir 18 mbliana d'aois agus 24 bliain d'aois agus nach bhfuil ag maireachtáil go neamhspleách. Féadfar íocaíocht bhreise a dhéanamh le haosaigh cháilitheacha nó leanaí cáilitheacha is cleithiúnaithe.

Torthaí an tsuirbhé rialaithe is déanaí


24.12 D'fhoilsigh an Roinn dhá shuirbhé rialaithe in 2026, atá dírithe ar na scéimeanna um an liúntas cuardaitheora poist agus an íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora.⁵ Tá an dá scéim maoinithe ag Vóta.

Liúntas cuardaitheora poist

24.13 Thabhaigh an scéim liúntais cuardaitheora poist caiteachas €1.75 billiún in 2025. Bhí díreach os cionn 107,000 éileamh á n-foc i mí na Nollag 2025. Is íocaíocht sheachtainiúil de réir tástáil acmhainne é an liúntas a íoctar le daoine aonair atá ag obair trí lá sa tseachtain nó níos lú, a bhfuil gnáthchónaí orthu sa Stát agus a bhfuil fostaíocht lánaimseartha á lorg acu i ndáiríre.⁶ Ó mhí Eanáir 2026 ar aghaidh, is é €254 in aghaidh na seachtaine an íocaíocht phearsanta scéime.⁷

- 24.14** Tá suirbhé rialaithe rollach déanta ag an Roinn ar an scéim liúntais cuardaitheora poist le blianta beaga anuas, agus tá cúig shuirbhé rialaithe déanta le sé bliana anuas. Tá laghdú tagtha ar an nglanráta íocaíochta iomarcaí i gcoitinne le linn na tréimhse sin, agus é ag laghdú ó 8.3% in 2021 go 6.2% in 2026 (féach Fíor 24.3).

Fíor 24.3 Leibhéal measta de ghlaníocaíochtaí iomarcacha sa scéim liúntais cuardaitheora poist a bhí faoi réir suirbhéanna rialaithe a foilsíodh 2021 – 2026



Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- 24.15** I mí an Mhárta 2026, d'fhoilsigh an Roinn torthaí an tsuirbhé rialaithe is deireanaí ar an liúntas cuardaitheora poist. Scrúdaíodh sa suirbhé 750 éileamh ar íocaíocht in 2024 agus 2025 in dhá bhaisc — 500 éileamh i mí Lúnasa 2024 agus 250 éileamh i mí an Mhárta 2025.
- 24.16** Fuarthas amach sa suirbhé rialaithe go raibh 130 duine (17.3%) de na héilitheoirí liúntais cuardaitheora poist a ndearnadh suirbhé orthu ag fáil níos mó ná mar a bhí siad i dteideal a fháil. Measadh go raibh luach na nglaníocaíochtaí iomarcacha coibhéiseach le 6.2% den chaiteachas ar na cásanna sampláilte.⁸
- 24.17** Fuarthas amach sa suirbhé rialaithe chomh maith go raibh ganníocaíocht á fáil ag 6.3% de na héilitheoirí a ndearnadh suirbhé orthu, agus b'ionann na ganníocaíochtaí agus 0.4% de chaiteachas scéime thar gach éileamh a scrúdaíodh.
- 24.18** Tá an laghdú ar an nglanráta íocaíochta iomarcaí a braitheadh sa suirbhé ar aon dul le hionchas na Roinne go mbeadh tionchar dearfach ar an nglanráta íocaíochta iomarcaí ag béim leantach ar shuirbhéanna rialaithe rollacha ar an liúntas cuardaitheora poist agus ag cur i bhfeidhm beart chun gníomhaíocht rialaithe a fheabhsú.
- 24.19** Bhain an príomhriosca a sainithníodh le híocaíochtaí iomarcacha a thagann chun cinn toisc go bhfuil acmhainní eile ag éilitheoirí seachas ó fhostaíocht. Ina theannta sin, shainithín an Roinn treocheaí maidir le híocaíochtaí iomarcacha laistigh de ghrúpálacha áirithe amhail oibríthe páirtaimseartha nó oibríthe ócáideacha (féach Fíor 24B.1).

⁸ Is mar a leanas atá na príomhchúiseanna a sainithníodh fós le híocaíochtaí iomarcacha: ceilt thoilíúil fíricí (3.2% de chaiteachas ó éilimh a scrúdaíodh) agus athruithe neamhthuairiscithe ar chúinsí (1.9% de chaiteachas ó éilimh a scrúdaíodh).

- 24.20** Cé gur gné dhearfach é an laghdú ar an ráta íocaíochta iomarcaí, is ard fós an ráta 6.2% le haghaidh 2026. Rinne an Roinn achoimre ar na bearta a rinneadh chun dul i ngleic leis na príomhrioscaí scéime a sainaitníodh sa suirbhé agus chun na rialuithe ar an liúntas cuardaitheora poist a fheabhsú. Áirítear leo siúd béim leantach ar phríomhrialuithe amhail an ceanglas go mbeadh gach cuardaitheoir poist rannpháirteach i seirbhísí gníomhachaithe don mhargadh saothair agus go n-íocfaí gach iarratasóir nua ar an láthair ag oifig poist ainmnithe (féach Fíor 24B.1).

Íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora

- 24.21** Maoinítear an scéim um an íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora ag an Vóta, agus caiteachas €756 milliún ann in 2025. Bhí os cionn 43,000 éileamh á n-íoc i mí na Nollag 2025. Déantar tástáil acmhainne i dtaca leis an íocaíocht sheachtainiúil seo agus íoctar le tuismitheoir cáilithe í atá ag tabhairt aire do leanbh amháin nó níos mó gan tacaíocht ó pháirtneir. Stadann an íocaíocht nuair a shlánaíonn leanbh is óige an éilitheora seacht mbliana d'aois. Ó mhí Eanáir 2026, is é €254 in aghaidh na seachtaine uasráta pearsanta na híocaíochta. Déantar íocaíocht bhreise tacaíochta leanaí as gach leanbh cleithiúnach cáilithe.⁹

- 24.22** I mí an Mhárta 2026, d'fhoilsigh an Roinn na torthaí a bhí ar an suirbhé rialaithe ar an íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora. Scrúdaíodh sa suirbhé 600 éileamh a bhí á n-íoc i mí Dheireadh Fómhair 2024.

- 24.23** Fuarthas amach sa suirbhé rialaithe go raibh 130 duine (21.7%) de na héilitheoirí ar an íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora a ndearnadh suirbhé orthu ag fáil níos mó ná mar a bhí siad i dteideal a fháil. Measadh go raibh luach na nglaníocaíochtaí iomarcacha coibhéiseach le 4.7% den chaiteachas ar na cásanna sampláilte.¹⁰

- 24.24** Fuarthas amach sa suirbhé rialaithe chomh maith go raibh ganníocaíocht á fáil ag 8.8% de na héilitheoirí a ndearnadh suirbhé orthu, agus b'ionann na ganníocaíochtaí agus 0.9% de chaiteachas scéime thar gach éileamh a scrúdaíodh.

- 24.25** Tá laghdú tagtha ar an nglanráta íocaíochta iomarcaí de 4.7% a braitheadh sa suirbhé i gcomparáid leis an ráta a braitheadh sa suirbhé rialaithe roimhe sin a foilsíodh in 2021 (5.9%).

- 24.26** Bhain an príomhriosca a sainaitníodh le híocaíochtaí iomarcacha a tháinig chun cinn d'éilítitheoirí ag a bhfuil maoin bhreise, mar shampla ó thuilleamh oibre (féach Fíor 24B.2).

- 24.27** Tá an ráta íocaíochta iomarcaí 4.7% fós ard. Rinne an Roinn achoimre ar na bearta a rinneadh chun dul i ngleic leis na príomhrioscaí scéime a sainaitníodh sa suirbhé agus chun na rialuithe ar an íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora a fheabhsú. Cuimsítear leis sin leasú a dhéanamh ar an bpróiseas atá i bhfeidhm chun incháilitheacht leantach éilítitheora don scéim a mheasúnú ar bhonn bliantúil (féach Fíor 24B.2).¹¹


⁹ I gcás leanbh atá níos óige ná 12 bhliain d'aois, is é €58 an ráta in aghaidh na seachtaine agus, i gcás leanbh atá níos sine ná 12 bhliain d'aois, is é €78 in aghaidh na seachtaine an ráta.

¹⁰ Ba iad na príomhchúiseanna a sainaitníodh le híocaíochtaí iomarcacha ná athrú neamhthuairiscithe ar chúinsí (2% de chaiteachas ó éilimh a scrúdaíodh) agus faisnéis a bhí mícheart go hábhartha (1.3% de chaiteachas ó éilimh a scrúdaíodh).

¹¹ Tagraíodh don íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2024*, caibidil 16, [Rialtacht íocaíochtaí leasa shóisialaigh](#).

Athbhreithniú ar mhodheolaíocht an tsuirbhé rialaithe

- 24.28** Bíonn ról tábhachtach ag suirbhéanna rialaithe ó thaobh beart rialaithe rioscabhunaithe a fhorbairt mar chuid de straitéis rialaithe na Roinne. Déantar athbhreithniú leis na suirbhéanna ar an incháilitheacht i gcomhair sampla d'éilimh atá á n-íoc ar scéim ag am ar leith. Ligeann torthaí an tsuirbhé don Roinn díriú ar réimsí riosca áirithe ar an scéim, agus bearta rialaithe níos láidre a chur i bhfeidhm, i gcás gur gá, chun leibhéal an riosca amach anseo a íoslaghdú.
- 24.29** D'fhoilsigh an Roinn an mhodheolaíocht do shuirbhéanna rialaithe i mí na Bealtaine 2022. Rinne an fhoireann scrúdúcháin athbhreithniú ar mhodheolaíocht an tsuirbhé rialaithe agus a cur i bhfeidhm don dá shuirbhé a foilsíodh in 2026 d'fhonn oiriúnacht agus éifeachtúlacht na modheolaíochta a mheasúnú ó thaobh ráta cruinn d'íocaíochtaí iomarcacha a mheas.
- 24.30** Tá dhá ghné ar leithligh ag gabháil leis an bpróiseas — an próiseas oibríochtúil agus an próiseas staitistiúil. I bhFíor 24.4 tugtar achoimre ar na príomhchéimeanna faoi gach cuid.

Fíor 24.4 Modheolaíocht an tsuirbhé rialaithe — próiseas agus torthaí an tsuirbhé rialaithe in 2026


Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- Nótaí:
- a Rinne an fhoireann scrúdúcháin athbheithniú ar 61 éileamh agus, i gcás amháin, ní raibh aon chigire leasa shóisialaigh sannta.
 - b Cuimsítear le sochar mícheart ganníocaíochtaí freisin, i gcás gur lú an ráta íocaíochta ná teidíocht an fhaighteora. Ceartaítear an ráta agus íoctar riaráistí de réir mar is gá.
 - c Nuair a shainaithnítear íocaíocht iomarcach, déanann an t-oifigeach breithiúnachta cinneadh cúlghabhálach nó cinneadh dáta reatha. Is é atá i gceist le cinneadh cúlghabhálach ná an fiach sonrach ró-íocaíochta a tharraingt anuas lena aisghabháil. Maidir le cinneadh dáta reatha, déantar an ráta íocaíochta a choigeartú, agus ní tharraingítear aon fhiach ró-íocaíochta anuas.

Próisis oibríochtúla agus staitistiúla

- 24.31** Áirítear leis na suirbhéanna rialaithe foilsithe torthaí an athbhreithnithe staitistiúil ar na cásanna. Ní shreabhann na catagóirí atá sannta d'íocaíochtaí iomarcacha atá san áireamh sna suirbhéanna rialaithe foilsithe díreach ó thorthaí an phróisis oibríochtúil.
- 24.32** Faoin bpróiseas oibríochtúil, déanann an t-oifigeach breithiúnachta athbhreithniú ar an éileamh atá á íoc agus ar thuarascáil an oifigigh leasa shóisialaigh agus déanann sé nó sí ceann amháin de cheithre chinneadh.
- Is ceart an íocaíocht agus ní gá athrú a dhéanamh.¹²
 - Is mícheart an íocaíocht (íocaíocht iomarcach) agus ceartaítear í ón 'dáta reatha' — ní tharraingítear aon fhiach ró-íocaíochta anuas.
 - Is mícheart an íocaíocht (íocaíocht iomarcach) agus déantar 'cinneadh cúlghabhálach'. Ceartaítear an ráta íocaíochta, agus tarraingítear fiach ró-íocaíochta (arna ríomh ag an oifigeach breithiúnachta) lena aisghabháil.
 - Is mícheart an íocaíocht (ganníocaíocht), agus ceartaítear an ráta agus íoctar aon riaráistí atá dlite leis an éilitheoir.
- 24.33** Shainaithin na hoifigigh bhreithiúnachta 260 cás lenar bhain íocaíocht iomarcach ón dá shuirbhé rialaithe a foilsíodh in 2026. Maidir le 15 chás astu siúd, rinneadh cinneadh cúlghabhálach, agus tarraingíodh fiach ró-íocaíochta anuas.
- 24.34** Tugann dhá aonad sa Roinn — an Rannóg Rialaithe agus an tAonad Anailísíochta Staitistiúla agus Gnó (An tAonad Staitisticí) — faoi phróiseas ar leith chun na torthaí a shocrú atá san áireamh sna suirbhéanna rialaithe foilsithe.
- 24.35** Déanann an Rannóg Rialaithe agus an tAonad Staitisticí athbhreithniú ar na cásanna samplacha go léir agus iad neamhspleách ar a chéile agus tiomsaíonn siad léirmhíniú ar na torthaí. Shonraigh an Roinn go dtarlaíonn sé, i gcás gur difriúil na torthaí atá ar an dá athbhreithniú, go bpléitear iad sin chun teacht ar chomhaontú.
- 24.36** Baineann ceann de na príomhdhifríochtaí idir an próiseas oibríochtúil agus an próiseas staitistiúil leis an gcatagóir ró-íocaíochta a shanntar, go háirithe i gcás calaoise. Chun go ndéanadh oifigeach breithiúnachta ró-íocaíocht a chatagóiriú mar chalaois amhrasta, ní mór caighdeán ard fianaise a chomhlíonadh. Is difriúil an caighdeán cruthúnais don chatagóir calaoise amhrasta a úsáidtear chun críocha staitistiúla.
- 24.37** Mar shampla, chatagóir an t-oifigeach breithiúnachta sé chás mar chalaois amhrasta mar chuid den phróiseas oibríochtúil, agus tarraingíodh ró-íocaíochtaí anuas i ngach cás. Shonraigh an Roinn go bhfuil dhá chás astu siúd faoi réir imscrúdú breise chomh maith.
- 24.38** I gcomparáid leis sin, faoin bpróiseas staitistiúil, catagóiríodh 45 cás mar chalaois amhrasta. Níor tarraingíodh ach ceithre cinn (9%) díobh sin anuas mar fhiach ró-íocaíochta faoin bpróiseas oibríochtúil, áfach, agus iarradh aisíocaíocht ar an éilitheoir.¹³

¹² Is féidir a mheas go bhfuil íocaíocht ceart de thoradh aistriú chuig scéim eile.

¹³ Áirítear leis seo trí chás a chatagóirigh na hoifigigh bhreithiúnachta mar chalaois amhrasta agus cás amháin a catagóiríodh mar earráid custaiméara.

- 24.39** Shonraigh an Roinn nach mór fiach ró-íocaíochta a tharraingt anuas i gcónaí i gcás gur chinn oifigeach breithiúnachta cás calaoise amhrasta a bheith ann. Ós rud é go gcuirtear caighdeán difriúil cruthúnais i bhfeidhm, áfach, d'fhéadfadh sé nach mbeadh fianaise leordhóthanach ar fáil i gcónaí chun fiach ró-íocaíochta a tharraingt anuas le haghaidh cásanna atá catagóirithe mar chalaois amhrasta sa phróiseas staitistiúil.
- 24.40** I gCuid 1.2 de na suirbhéanna rialaithe foilsithe, tugtar sonraí faoin modheolaíocht agus faoin gcatagóiriú torthaí. Sa chuid sin, déantar tagairt do chinntí na n-oifigeach breithiúnachta ach ní chuirtear in iúl go soiléir nach n-eascraíonn torthaí an tsuirbhé rialaithe a leanann ón bpróiseas oibríochtúil amháin i.e. cinntí na n-oifigeach breithiúnachta.
- 24.41** Chomh maith leis sin, úsáidtear an téarma 'ró-íocaíocht' sna suirbhéanna rialaithe chun tagairt do gach íocaíocht iomarcach a shainiú ó na suirbhéanna rialaithe. Is difriúil sin le húsáid oibríochtúil an téarma ag an Roinn; maidir leis an gcineál sin úsáide, ní bhaineann an téarma 'ró-íocaíocht' ach le cinntí cúlghabhálacha a dtarraingítear fiach anuas ina leith. Ní tharraingeofar fiach ró-íocaíochta anuas agus ní iarrfar aisíocaíocht ar an éilitheoir ach amháin i gcás céatadán beag de ró-íocaíochtaí a bhfuil tagairt déanta dóibh sna suirbhéanna rialaithe.

Achoimre ar an athbhreithniú ar an modheolaíocht

- 24.42** Thug an fhoireann scrúdúcháin faoi deara go ndéanann próiseas an tsuirbhé rialaithe socrú do mheastachán réasúnach ar ráta na n-íocaíochtaí iomarcacha atá le socrú le haghaidh gach scéime a ndéantar athbhreithniú uirthi. Déanann an Roinn anailís ar thorthaí na suirbhéanna rialaithe agus cuireann sí bearta rialaithe spriocdhírthe i bhfeidhm chun leibhéal an riosca amach anseo don scéim ábhartha a íoslaghdú. Tá an chuma air gurb éifeachtach úsáid an tsuirbhé rialaithe rollaigh, go háirithe don scéim liúntais cuardaitheora poist, agus sainiú na ráta laghdaitheach d'íocaíochtaí iomarcacha.
- 24.43** Rinneadh an dá shuirbhé a foilsíodh in 2026 ar aon dul leis an modheolaíocht fhoilsithe. Fuarthas amach sa scrúdú, áfach, go bhféadfaí na téarmaí a úsáidtear, go háirithe maidir le ró-íocaíochtaí agus calaois, a shoiléiriú níos mó i suirbhéanna rialaithe chun gur féidir leis an léitheoir idirdhealú a dhéanamh idir an fhaisnéis staitistiúil atá foilsithe sna tuarascálacha suirbhé rialaithe, agus cinntí oibríochtúla na Roinne.

Ró-íocaíochtaí a aisghabháil

- 24.44** Tarraingíodh fiacha ró-íocaíochta anuas maidir le gan ach 6% de na híocaíochtaí iomarcacha a sainiú i suirbhéanna rialaithe 2026. D'fhéadfadh sé go bhféadfadh dóchúlacht íseal a mheastar a bheith ann go dtarraingeofaí fiach ró-íocaíochta anuas nuair a bhraitear cás de theidlíocht iomarcach go mbraithfeadh roinnt éilitheoirí gur beag riosca a bhaineann le gan an Roinn a choinneáil ar an eolas, go tráthúil, faoi athrú ar chúinsí a bhaineann lena n-éilimh.

- 24.45** Shonraigh an Roinn go dtarraingítear ró-íocaíochtaí anuas ar aon dul le forálacha reachtacha i gcás go bhfuil neart fianaise ann chun cinneadh cúlghabhálach a dhéanamh. Luaigh an Roinn roimhe seo go ndéanann sí athbhreithniú gníomhach ar éilimh ardriosca agus, i gcás go dtarraingítear fiach ró-íocaíochta anuas, go bhfuil dliteanas ar an éilitheoir an ró-íocaíocht a aisíoc ina hiomláine, lena n-áirítear ó aon íocaíochtaí leasa shóisialaigh amach anseo.
- 24.46** Tugann an Roinn tuairisc ar an bhfiach ró-íocaíochta iomlán atá taifeadta ar bhonn bliantúil i gcuntas leithreasa Vóta 37 agus i CÁS araon.¹⁴ Tharraing an Roinn fiach ró-íocaíochta €169 milliún anuas in 2025 (féach Fíor 24.5). Maidir leis an gcuid is mó de sin (66%), tá sí catagóirithe mar fhiach a d'eascair as earráid custaiméara.

Fíor 24.5 Fiach ró-íocaíochta a tarraingíodh anuas in 2025

Fiach ró-íocaíochta a tarraingíodh anuas	Vóta 37	CÁS	Iomlán
	€000	€000	€000
Calaois amhrasta	25,132	3,901	29,033
Earráid custaiméara	45,923	64,806	110,729
Earráid oifigiúil	1,425	1,835	3,260
Cásanna eastáit ^a	25,208	439	25,647
Iomlán	97,688	70,981	168,669

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nóta: a Ní chuirtear san áireamh cásanna eastáit (i.e. aisíocaíochtaí a iarrtar ó eastáit éilitheora éagtha) sna catagóirí ró-íocaíochta do shuirbhéanna rialaithe toisc go mbíonn na suirbhéanna rialaithe bunaithe ar am ar leith (na héilitheoirí uile atá á n-íoc).

¹⁴ Cuimsítear leis seo ró-íocaíochtaí a tarraingíodh anuas mar thoradh ar phróisis chaighdeánacha na Roinne chun earráid agus calaois amhrasta a chosc agus a bhrath. Áirítear leo siúd suirbhéanna rialaithe, athbhreithnithe ar incháilitheacht, cigireachtaí leasa shóisialaigh, meaitseáil sonraí agus athruithe tuairiscithe ar chúinsí (ach gan a bheith teoranta dóibh).

- 24.47** As na ró-íocaíochtaí a tarraingíodh anuas in 2025, bhain €23 milliún leis an scéim liúntais cuardaitheora poist agus bhain €10 milliún leis an scéim um íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora (féach Fíor 24.6). Chuaigh fiacha ró-íocaíochta a tarraingíodh anuas ar an scéim um íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora i méid faoi 47% in 2025, i gcomparáid le 2024. Shonraigh an Roinn gurb í an phríomhchúis leis sin ná méadú 55% ar líon na n-éileamh a ndearnadh athbhreithniú orthu in 2025. Rinneadh athbhreithniú ar 54,407 éileamh teaghlaigh aontuismitheora san iomlán in 2025 (2024: 34,993)

Fíor 24.6 Fiach ró-íocaíochta a tarraingíodh anuas ar an scéim liúntais cuardaitheora poist agus ar an scéim um íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora in 2024 agus 2025

Fiach ró-íocaíochta	Liúntas cuardaitheora poist		Íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora	
	2024	2025	2024	2025
	€000	€000	€000	€000
Calaois amhrasta	8,540	8,444	2,616	4,655
Earráid custaiméara	15,952	13,618	4,046	5,091
Earráid oifigiúil	613	826	146	259
Cásanna eastáit	202	243	—	—
Iomlán	25,307	23,131	6,808	10,005

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Suirbhéanna rialaithe atá le teacht

- 24.48** I mí Mheán Fómhair 2025, chuir an Roinn tús le suirbhé rialaithe ar an scéim pinsean easláine. Roghnaíodh sampla de 600 éileamh a bhí á n-íoc. Is ó CÁS a mhaoinítear an scéim agus bhí caiteachas €818 milliún ag gabháil léi in 2025.
- 24.49** I mí Lúnasa 2026, chuir an Roinn tús le suirbhé rialaithe ar an scéim um liúntas cúramóra. Roghnaíodh sampla de 600 éileamh a bhí á n-íoc. Is ó Vóta 37 a mhaoinítear an scéim agus caitheadh €1.3 billiún uirthi in 2025.

Saincheistean eile rialtacha íocaíochtaí leasa shóisialaigh

Íocaíocht dífhostaíochta paidéime

- 24.50** Cuireadh tús leis an íocaíocht dífhostaíochta paidéime i mí an Mhárta 2020 agus ba é thart ar €9.2 billiún an caiteachas iomlán ar an scéim i gcaitheamh na tréimhse 2020 go 2022. Ba é €129.4 milliún (1.4% de chaiteachas na scéime) an fiach ró-íocaíochta iomlán a tarraingíodh anuas i leith na scéime um íocaíocht dífhostaíochta paidéime amhail mí na Nollag 2025, agus aisghabhadh €46.4 milliún de sin (féach Fíor 24.7).
- 24.51** Shainaithin an Roinn thart ar 65,000 éilitheoir íocaíochta dífhostaíochta paidéime a raibh tréimhsí fostaíochta acu a bhí ag forluí ar thréimhsí ina raibh íocaíocht dífhostaíochta paidéime á fáil acu. Tá teagmháil déanta ag an Roinn le formhór (95%) na n-éilitheoirí sin. Tá sí ag súil le bheith i dteagmháil leis na héilitheoirí eile (thart ar 3,000) faoi dheireadh 2026, agus mar sin d'fhéadfaí fiacha ró-íocaíochta breise a tharraingt anuas.

24.52 Is ar an Rannóg Rialaithe laistigh den Roinn atá an fhreagracht as fiach ró-íocaíochta a aisghabháil i leith na híocaíochta dífhostaíochta paidéime. Údaraíodh foireann tionscadail de 25 dhuine i mí an Mhárta 2025 chun formhaoirseacht a dhéanamh ar fhorchúiteamh an fhéich a bhí le hóc trí fhógraí faoi astú tuilleamh; tá 18 ball foirne i bhfeidhm faoi láthair.¹⁵ Tá 6,297 fógra faoi astú curtha i bhfeidhm, agus luach €17.3 milliún ag baint leo amhail mí na Bealtaine 2026.

Fíor 24.7 Fiach ró-íocaíochta a tarraingíodh anuas agus a aisghabhadh i leith na híocaíochta dífhostaíochta paidéime amhail mí na Nollag 2025

Fiach ró-íocaíochta	A tarraingíodh anuas	A aisghabhadh	A aisghabhadh
	€000	€000	%
Calaois amhrasta	6,624	1,647	25%
Earráid custaiméara	122,639	44,629	36%
Earráid oifigiúil	96	59	61%
Cásanna eastáit	38	32	84%
Iomlán	129,397	46,367	36%

Foinse: An Roinn Coimírce Sóisialaí

Tairbhithe cosanta sealadaí

24.53 Is é is tairbhí cosanta sealadaí ann duine a díbríodh de thoradh na coinbhleachta san Úcráin agus ar deonaíodh an ceart dó nó di chun cónaí, oibriú agus rochtain a fháil ar sheirbhísí poiblí áirithe sa Stát faoi Threoir an Aontais Eorpaigh um Chosaint Shealadach.¹⁶

24.54 I mí na Samhna 2025, thuairiscigh an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce (an Roinn Dlí agus Cirt) go raibh cónaí ar os cionn 63,000 tairbhí cosanta sealadaí i gcóiríocht atá maoinithe ag an Stát in Éirinn.¹⁷ Bíonn éagsúlachtaí i gceist leis na tacaí a bhíonn ar fáil do na tairbhithe sin, lena n-áirítear cóiríocht agus cúnamh airgeadais, ag brath ar cén uair a tháinig siad go hÉirinn agus an cineál cóiríochta ina bhfuil cónaí orthu. Tá cónaí ar an gcuid is mó díobh (90%) i gcóiríocht féinfhreastail nó óstáilte agus tá rochtain iomlán acu ar an gcóras leasa shóisialaigh.

24.55 In 2024, leasaíodh an teidlíocht chun scéimeanna cúnaimh shóisialaigh do na tairbhithe cosanta sealadaí siúd a bhfuil cónaí orthu i gcóiríocht lánlóistín a sholáthraíonn an Stát (ionaid chóiríochta ainmnithe). Níor cháiligh siad a thuilleadh do scéimeanna áirithe cúnaimh shóisialaigh (m.sh. an liúntas cuardaitheora poist) agus ina áit sin tháinig siad chun bheith i dteideal íocaíocht sheachtainiúil nuabhunaithe tairbhí cosanta sealadaí a fháil.¹⁸ Íoctar í sin ag ráta €38.80 i gcomhair duine fásta agus ag ráta €29.80 i gcomhair linbh agus bíonn sí faoi réir tástáil ioncaim.¹⁹

15 Féadtar le fógra faoi astú tuillimh a bheith ag baint le pá nó tuarastal an fhéichiúnaí nó le cistí atá ag an bhféichiúnaí in institiúid airgeadais.

16 Cuireadh an [Treoir um Chosaint Shealadach \(2001/55/CE\)](#) i ngníomh le [Cinneadh \(AE\) 2022/382 ón gComhairle](#) i mí an Mhárta 2022. Fadaíodh an Treoir go dtí an 4 Márta 2027 le [Cinneadh \(AE\) 2025/1460 ón gComhairle](#).

17 Tá an Roinn Dlí agus Cirt freagrach as cóiríocht a sholáthar agus a bhainistiú do thairbhithe cosanta sealadaí.

18 Tugadh isteach na hathruithe i dtosach do dhaoine a bhí tar éis teacht go dtí an Stát ón 14 Márta 2024 agus ina dhiaidh sin leathnaíodh iad chucu siúd a tháinig roimh an dáta sin agus a raibh cónaí orthu i gcóiríocht ina raibh béilí á gcur ar fáil (lánlóistín).

19 Níl duine aonair i dteideal na híocaíochta más mó a ioncam seachtainiúil nó a hioncam seachtainiúil ó fhostaíocht nó fhoinsí eile (lena n-áirítear íocaíochtaí áirithe leasa shóisialaigh) ná €125. Má ghabhann faighteoir d'fhostaíocht, stadann teidlíocht an tairbhí cosanta sealadaí chun íocaíocht sheachtainiúil a fháil ón gcéad seachtain a thuilleann an faighteoir ioncam a sháraíonn an tairseach.

- 24.56** Ag deireadh 2024, d'aistrigh an Roinn éilitheoirí a ndearnadh difear dóibh ag an am sin (4,589) óna n-íocaíocht láithreach leasa shóisialaigh chuig an íocaíocht sheachtainiúil tairbhí cosanta sealadaí. Chun ollaistriú na n-éileamh sin a éascú, bhain an Roinn úsáid as córas TF saincheaptha sealadach nach raibh ina chuid de chreat rialaithe caighdeánach na Roinne. Mar thoradh air sin, ní raibh tuarascálacha rabhaidh lena dtarraingeofaí aird de ghnáth ar thosú fostaíochta, athruithe ar chúinsí agus éilimh leasa chomhthráthacha i bhfeidhm a thuilleadh. B'amhlaidh a bhí an scéal go dtí gur aistríodh gach éileamh ar an gcóras sealadach chuig córais bhunaithe na Roinne i mí Mheán Fómhair 2025.
- 24.57** Shonraigh an Roinn gur cuireadh gnáthsheiceálacha i gcomhair fostaíochta, athruithe ar chúinsí agus éilimh leasa chomhthráthacha i bhfeidhm le linn an ama sin.
- 24.58** Rinne an Roinn athbhreithniú ar na héilimh leanúnacha uile le linn 2025 (díreach os cionn 3,700). Dúnadh 52% de na héilimh ar chúiseanna éagsúla, lenar áiríodh cásanna inar chuir éilitheoirí in iúl go raibh athrú ar chúinsí tar éis tarlú, gur thuill éilitheoirí ioncam a sháraigh tairseach na scéime, nó go raibh íocaíocht leasa shóisialaigh eile á fáil ag éilitheoirí. Tharla an mhoill sa Roinn ó thaobh íocaíochtaí iomarcacha a shainaithint mar thoradh go príomha ar easpa rialuithe ionsuite sa chóras sealadach.
- 24.59** Anuas air sin, go dtí mí Aibreáin 2026, ní raibh an fheidhmiúlacht ag córais na Roinne chun aisghabháil ró-íocaíochtaí a tharraingt anuas, a chur i ngníomh ná a phróiseáil. Chuir sé sin teorainn le cumas na Roinne dul i ngleic le híocaíochtaí neamhrialta nuair a sainaithníodh iad. Ó cuireadh tús leis an scéim, tá an Roinn ag déanamh cásanna íocaíochta iomarcaí a rianú de láimh ar scarbhileog neamhspleách. D'fhéadfadh an cleachtas sin cur leis an mbaol go mbeadh easnaimh agus earráidí ann agus ró-íocaíochtaí á ríomh.
- 24.60** Ba é €768,737 an méid iomlán ró-íocaíochta a bhí taifeadta i mí an Mhárta 2026, rud a bhí cothrom le thart ar 3% de chaiteachas carnach na scéime. Laghdaíonn moilleanna maidir le gníomhartha aisghabhála a shainaithint agus a thosú dóchúlacht na haisghabhála rathúla agus méadaíonn siad an baol go mbeadh caillteanas airgeadais ann don Státchiste.

Ranníocaíocht i dtreo costais chóiríochta

- 24.61** I roinnt cásanna, ceanglaítear ar thairbhíthe cosanta sealadaí a bhfuil cónaí orthu in ionaid chóiríochta ainmnithe lánlóistín muirear ranníocaíochta a íoc díreach le soláthraí na cóiríochta. Is é soláthraí na cóiríochta atá freagrach as an muirear a bhailiú agus a riar. Is é €10 in aghaidh an duine fhásta agus €5 in aghaidh an linbh an t-uasmhéid laethúil a fhéadfar a ghearradh. Maoiníonn an Roinn an muirear sin trí mhéid seachtainiúil breise a íoctar le faighteoirí na híocaíochta seachtainiúla tairbhí cosanta sealadaí (€70 in aghaidh an duine fhásta agus €35 in aghaidh an linbh).²⁰

20 Ní féidir an ranníocaíocht i dtreo costais chóiríochta a íocann an Roinn a imdhealú ón méid iomlán a íocadh.

24.62 Chomh maith leis sin, íocann an Roinn Dlí agus Cirt an muirear íocaíochta go díreach le soláthraí na cóiríochta sna cásanna seo a leanas

- ar feadh na tréimhse tosaigh 14 lá nuair a thugtar cóiríocht do thairbhí cosanta sealadaí den chéad uair
- ar feadh uastréimhse 14 lá má thugann soláthraí na cóiríochta fógra don Roinn Dlí agus Cirt gur mhainnigh faighteoir na híocaíochta seachtainiúla tairbhí cosanta sealadaí an muirear ranníocaíochta a íoc.²¹

24.63 D'fhéadfadh sé go bhfulaingeodh an Státchiste caillteanas sna cásanna sin, má eisíonn an Roinn íocaíochtaí chuig tairbhithe cosanta sealadaí chun na costais chéanna a chlúdach agus a íocann an Roinn Dlí agus Cirt go díreach. Shonraigh an Roinn gur ábhar don Roinn Dlí agus Cirt é sin.

24.64 Shonraigh an Roinn Dlí agus Cirt go ndéantar íocaíochtaí muirear ranníocaíochta a thaifeadadh mar chuid de chostais cóiríochta gnó agus nach féidir iad a shainaithint astu féin. Dá bhrí sin, ní féidir luach féideartha na gcostas dubailte a eascraíonn ón tsaincheist sin a mheas.

21 Déanfaidh an Roinn Dlí agus Cirt idirchaidreamh i dtosach leis an éilitheoir mar iarracht an cheist a réiteach trí litir rabhaidh a eisiúint. Mura n-íocann an t-éilitheoir laistigh de choicís, meastar gur diúltú do chóiríocht é sin, agus ina dhiaidh sin seoltar fógra chuig an gcliant nach mór dó nó di an chóiríocht a fhágáil. Níl aon phróiseas bunaithe ann chun fógra a thabhairt don Roinn nuair a eisítear fógraí chun cóiríocht a fhágáil.

Conclúidí

24.65 Agus caiteachas scéime dar luach €26.56 billiún san iomlán ann in 2025, d'fhéadfadh fiú leibhéil ísle íocaíochtaí atá os cionn teidlíochtaí leasa a bheith ina gcaillteanais shuntasacha cistí poiblí.

24.66 Is ábhartha atá an leibhéal d'íocaíochtaí neamhrialta i gcónaí a d'aimsigh an Roinn trína clár leanúnach de shuirbhéanna rialaithe ar leibhéal na scéime. Ar bhonn na dtorthaí sin, sna tuarascálacha iniúchóireachta ar chuntas leithreasa 2025 le haghaidh Vóta 37 Coimirce Shóisialach agus ar ráitis airgeadais CÁS don bhliain 2025, tarraingítear aird ar leibhéal ábhartha neamhrialtachta i ndáil le híocaíochtaí scéime.

Iarscríbhinn 24A Íocaíochtaí neamhrialta a chatagóiriú

Calaois amhrasta — cás ina bhfuil amhras ann gur chuir éilitheoir ar íocaíochtaí leasa eolas neamhiomlán nó míchruinn ar fáil d'aon turas maidir le héileamh nó gur mhainnigh sé nó sí d'aon turas an Roinn a chur ar an eolas faoi athruithe ábhartha a tháinig ar chúinsí (ar nós méadú ar mhaoin nó athrú ar riocht sláinte) a dhéanann difear d'éileamh atá á íoc.

Earráid éilitheora — nuair a chuir an t-éilitheoir faisnéis mhíchruinn nó neamhiomlán ar fáil nó nuair a mhainnigh sé nó sí athrú ábhartha ar chúinsí a thabhairt le fios, ach nach bhfuil aon intinn chalaoiseach ann ar thaobh an éilitheora. Tagraíonn an Roinn dó sin mar earráid custaiméara chomh maith.

Earráid oifigiúil — cás ina n-íoctar sochair go mícheart mar gheall ar neamhghníomhaíocht, moill nó botúin a rinne foireann na Roinne.²²

²² I gcásanna áirithe, mar gheall ar earráid éilitheora agus oifigiúil, tarlaíonn go bhfaigheann éilitheoirí suim atá níos lú ná an tsuim a bhfuil siad ina teideal (ganníocaíocht).

Iarscríbhinn 24B Torthaí an tsuirbhé rialaithe agus gníomhartha gaolmhara

Fíor 24B.1 Liúntas cuardaitheora poist — suirbhé rialaithe

Riosca scéime

- Is mó seans (38% de chásanna) go bhfaighidh éilítitheoirí a bhfuil maoin acu, seachas maoin a thagann ón bhfostaíocht, ró-íocaíocht i gcomparáid leo siúd nach bhfuil maoin eile acu (14%).
- Tá an riosca go ndéanfar ró-íocaíocht le hoibrithe páirtaimseartha/ócáideacha (35%) dhá uair níos airde ná an riosca go ndéanfar ró-íocaíocht le hoibrithe neamhócáideacha (14%).
- Tá riosca ró-íocaíochta níos airde ag baint le héilítitheoirí atá pósta nó atá ina gcónaí lena chéile (29%) ná atá ag baint le héilítitheoirí singile (12%).
- Tá riosca ró-íocaíochta níos airde ag baint le haon mhodh íocaíochta eile a úsáid (34%) ná atá ag baint le híocaíochtaí oifig an phoist (13%).
- Is mó i bhfad an dóchúlacht go bhfaighidh éilítitheoirí atá 25 bliana d'aois nó níos sine ró-íocaíocht (19%) i gcomparáid leo siúd atá 24 bliana d'aois nó níos óige (9%).

Bearta chun an réimeas rialaithe a fheabhsú

- Leanfaidh gach cuardaitheoir poist ar aghaidh ag freastal ar a n-ionad Intreo laistigh de mhí amháin ó dhámhachtain éilimh agus ar bhonn ráithiúil ina dhiaidh sin.
- Aontaíodh go bhféachfaí le 140,000 athbhreithniú a dhéanamh le haghaidh 2026.^a
- A chinntiú go dtugtar tosaíocht d'athbhreithniú a dhéanamh ar éilimh ardriosca a shainaithnítear trí shonraí a mheaitseáil le faisnéis fíor-ama duilíní pá a sholáthraíonn Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.^b
- Leanfaidh foireann seirbhísí fostaíochta na Roinne lena ról gníomhach maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar éilimh i gcás nach bhfuil an t-éilítitheoir ag plé mar is gá le seirbhísí fostaíochta.
- Leanfar le gach iarratasóir nua a íoc ag oifig an phoist.
- Leanúint d'úsáid a bhaint as acmhainní agus taithí Aonad Imscrúdaithe Speisialta na Roinne chun spriocdhírú ar earnálacha ardriosca.

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nótaí: a Spriocdhíríodh freisin ar 140,000 athbhreithniú le haghaidh 2025 agus baineadh amach 85% den sprioc sin.

b Tá an bunús dlí maidir le sonraí pearsanta a chomhroinnt le tríú páirtithe agus sonraí pearsanta a phróiseáil clúdaithe ar bhealach níos mionsonraithe i [ráiteas príobháideachais na Roinne](#).

Fíor 24B.2 Suirbhé rialaithe ar an íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora 2026

Riosca scéime

- Is mó faoi cheathair an dóchúlacht go bhfaighidh éilitheoirí a bhfuil maoin acu (46%) ró-íocaíocht i gcomparáid leo siúd nach bhfuil maoin acu (10%).
- Is mó i bhfad an dóchúlacht go bhfaighidh éilitheoirí atá 25 bliana d'aois nó níos sine ró-íocaíocht (23%) i gcomparáid leo siúd atá 25 bliana d'aois nó níos óige (12%).

Bearta chun an réimeas rialaithe a fheabhsú

- A chinntiú go dtugtar tosaíocht d'athbhreithniú a dhéanamh ar éilimh ardriosca a shainaithnítear trí shonraí a mheaitseáil le faisnéis fíor-ama duillíní pá a sholáthraíonn Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.^a
- Aontaíodh go bhféachfaí le 60,000 athbhreithniú a dhéanamh ar éilimh le haghaidh 2026.
- Tugadh isteach próiseas athbhreithnithe um sheiceálacha leantacha ar incháilitheacht ó Aibreán 2026 chun a chinntiú go ndéantar athbhreithniú bliantúil ar a laghad ar gach éilitheoir.^b
- Leanúint d'úsáid a bhaint as acmhainní agus taithí Aonad Imscrúdaithe Speisialta na Roinne chun cásanna níos tromchúisí de chialais amhrasta a imscrúdú.

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

- Nótaí:
- a Tá an bunús dlí maidir le sonraí pearsanta a chomhroinnt le tríú páirtithe agus sonraí pearsanta a phróiseáil clúdaithe ar bhealach níos mionsonraithe i [ráiteas príobháideachais na Roinne](#).
 - b I mí na Samhna 2022, tharraing an Roinn siar an fhoirm 'OFP40' a bhí ann roimhe don athbhreithniú bliantúil, fad is a bhí reachtaíocht tacaíochta á hathbhreithniú ag an Roinn. Tugadh isteach arís foirm leasaithe in 2025, agus tugadh isteach athbhreithnithe eile ar an bpróiseas i mí Aibreáin 2026.

Iarscríbhinn 24C Sceideal de shuirbhéanna rialaithe a foilsíodh ó 2017 go 2026, agus atá beartaithe le haghaidh 2027

	Costas na scéime sa bhliain 2025 €m	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027
Scéimeanna atá maoinithe ag Vóta												
Liúntas míchumais	2,477							✓				
Sochar linbh	2,229						✓					
Liúntas cuardaitheora poist	1,752					✓	✓		✓	✓	✓	
Pinsean stáit (neamhranníocach)	1,336			✓						✓		
Liúntas cúramóra	1,306		✓									✓ ^a
Íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora	756					✓					✓	
Liúntas leasa forlíontach	92	✓										
Liúntas fiontraíochta um fhilleadh ar obair	30			✓								
Scéimeanna atá maoinithe ag CÁS												
Pinsean stáit (ranníocach/idirthréimhseach)	8,174	✓							✓			
Pinsean baintrí, baintreach fir / páirtnéara shibhialta mharthanaigh (ranníocach)	1,986								✓			
Pinsean easláine	818											✓ ^a
Sochar cuardaitheora poist	402							✓				

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Suirbhéanna rialaithe beartaithe le foilsiú in 2027.